Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2010

# AISTRIÚCHÁN AR SCÉIM MHARCÁLA

# SPÁINNIS

## ARDLEIBHÉAL

**SCRÚDÚ NA HARDTEISTIMÉIREACHTA – ARDLEIBHÉAL**
**SCÉIM MHARCÁLA**

**SPÁINNIS 2010**

## (Iomlán na Marcanna: 300)

| GRÁDÚ | |
|---|---|
| A: | 255 - 300 |
| B: | 210 - 254 |
| C: | 165 - 209 |
| D: | 120 - 164 |
| E: | 75 - 119 |
| F: | 30 - 74 |
| N.G.: | 0 - 29 |

**TABHAIR AR AIRD LE DO THOIL**:
***Agus an scéim mharcála seo á leamh agat, ba chóir aird a thabhairt ar na pointí seo a leanas:***

Léiríonn **tulslais /** roimh fhreagra go bhfuil an freagra comhchiallach leis an gceann a tháinig roimhe nó gur freagra malartach é. Ní féidir glacadh le freagraí le tulslais eatarthu mar fhreagraí éagsúla mar sin.

Léiríonn **dais -** roimh fhreagra go bhfuil an freagra ina fhreagra ar leith, agus gur féidir é a mheas mar fhreagra neamhspleách ar aon fhreagra molta eile ar an gceist.

Léiríonn **lúibíní cruinne ( )** ábhar nach meastar a bheith riachtanach chun iomlán na marcanna a bhaint amach.

Taispeánann **lúibíní cearnógacha [ ]** miondealú ar mharcanna laistigh den cheist nó tugann siad soiléirithe breise do mharcanna atá le bronnadh ar fhreagraí áirithe ar an gceist sin.

**N.B. Maidir le gach Roinn den scrúdú níor chóir a mheas nach féidir glacadh le haon fhreagraí ach amháin na freagraí a thugtar ar an scéim mharcála. Is féidir glacadh le freagraí atá comhchiallach nó coibhéiseach leo sin ar an scéim mharcála foilsithe chomh maith.**

*Agus an scéim mharcála á forbairt ba chóir aird a thabhairt ar an méid seo a leanas:*
- *In go leor cásanna ní thugtar ach príomh-fhrásaí ina bhfuil eolas agus smaointe a chaithfidh an t-iarrthóir a chur ina fhreagra/a freagra d'fhonn na marcanna sannta a thuilleamh*
- *Níl na tuairiscí, modhanna agus sainmhínithe a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí bailí eile*
- *Maidir leis an méid mionsonría is gá i bhfreagra ar bith, is é an comhthéacs agus an chaoi a n-iarrtar an cheist a chinneann sin, chomh maith leis an líon marcanna a shanntar ar an bhfreagra ar an bpáipéar scrúdaithe. D'fhéadfadh go mbeadh éagsúlacht sna riachtanais agus sna marcanna ó bhliain go bliain, mar sin.*
- *Ní mór focail, leaganacha cainte nó frásaí a úsáid i gceart agus i gcomhthéacs, agus ní féidir iad a bhréagnú, agus sa chás go bhfuil fianaise ar úsáid mhícheart nó ar bhréagnú, níl cead na marcanna a bhronnadh.*

**1. Anuncio – Juegos Olímpicos de 2016**

**2 + (2 + 2) + 2 + 4 marc = 12 marc**

a. Chun an chathair a mbeidh ina hóstach ar Chluichí Oilimpeacha 2016 a roghnú. **(2 marc)**

b. (i) cuireann an spórt níos mó dlúthpháirtíochta agus cairdis (lenár saolta).

(ii) tá a iníon féin (an Banphrionsa Elena) mar Uachtarán ar Chluichí Phara-Oilimpeacha na Spáinne. **(2+2 marc )**

c. Níor tionóladh riamh i Meiriceá Theas iad. (is ceist ceartais é) **(2 marc )**
[tionóladh 30 uair san Eoraip iad = 1 marc]

d. Tá an (toscaireacht) Spáinneach muiníneach go mbeidh Maidrid mar óstach ar na Cluichí Oilimpeacha (sa bhliain 2020). **(4 marc )**

**2. Diálogo – El uniforme escolar**

**2 + 2 + (2+2) + 2 = 10 marc**

a. De bharr go bhfuil sé dodhéanta do phearsantacht féin a chur in iúl i ndathanna na héide sin. **(2 marc )**

b. Aon **cheann amháin** de: ní féidir difríochtaí sóisialta i measc na ndaltaí a fheiceáil / tá comhionannas idir na daltaí go léir mar gheall ar an éide / ní féidir náire a bheith ar aon dhalta de bharr na n-éadaí atá á gcaitheamh aici. **(2 marc )**

c. Aon **dá cheann** de:
- tá éidí scoile níos saoire ná éadaí dearthóra [comparáid le haghaidh marc iomlán ]
- is féidir éide a chur ar aghaidh ó dheirfiúr amháin go dtí deirfiúr eile, [maireann siad píosa fada = 1m]
- is féidir iad a ní go minic freisin.

**(2+2 marc )**

d. [De bharr go] gcabhraíonn siad leis na daltaí meas a léiriú ar rialacha na scoile. **(2 marc )**
[Meas a léiriú ar noirm na scoile = 1m]

**3. Diálogo – Entrevista con José Luis Zapatero, Presidente del gobierno español.**

**3 + 3 + (2+2) +2 = 12 marc**

a. Chun éalú ó theas **plúchta** na cathrach **(3 marc )**

b. Chuala sé óráid den scoth ó F. González /Ard-Rúnaí an Pháirtí Shóisialaigh **(3 marc )**

c. Aon **dá cheann** de:
- sa domhan nua-aimseartha seo tá sé (an Béarla) riachtanach
- ní labhraíonn sé go maith é de bharr nach ndearna sé staidéar air ar scoil
- tá sé á fhoghlaim le múinteoir príobháideach faoi láthair. **(2+2 marc )**

d. cispheil. [Níl ghlactar ach le freagra amháin] **(2 marc )**

**4. Descriptivo – España manda ayuda humanitaria a Haiti**

**2 + (2+2) + 2 + (1+1) = 10 marc**

a. Leas-Uachtarán rialtas na Spáinne **(2 marc )**

b. Is ospidéal (snámha) é [2 marc ] a dhéanann sain-fhreastal ar éigeandálaí [2 marc ]

**(2+2 marc )**

c. 12 tonna cógas **(2 marc )**

d. Aon **dá cheann** de**:** dochtúirí / máinlianna / innealtóirí. **(1+1 marc )**

**5. Descriptivo – Una encuesta**

**2 + (2+2) + 2 + 2 + 2 = 12 marc**

a. [is fearr leo] am a chaitheamh lena dteaghlach seachas go leor airgid a thuilleamh.**(2 marc )**

b. Aon **dá cheann** de: múinteoir / altra / dochtúir / tréidlia **(2+2 marc )**

c. freagraí ó dhaoine óga a bhfuil míchumas coirp nó síceolaíoch acu **(2 marc )**

d. is eol do (dhaoine óga na Spáinne) an tábhacht a bhaineann le teangacha eile a fhoghlaim **(2 marc )**

e. ríomhairí / Teicneolaíocht Faisnéise / I.T**.** **(2 mark)**

**6. El tiempo**

**2 + (2+1) + (2+2) + (1+1+1) = 12 marc**

a. stoirmeacha leictreacha i limistéir shléibhe **(2 marc )**

b. tréimhsí scamallacha [2 marc ] le teocht íosta de 7 gcéim [1 marc] **(2+1 marc )**

c. gaotha láidre aduaidh [2 marc ] agus d'fhéadfadh go dtitfidh sneachta [2 marc ] **(2+2 marc )**

d. (i) leanfaidh an aimsir te agus grianmhar
(ii) teocht is airde 35 céim **(1+1+1 marc )**

**7.** **Una Noticia – La agencia espacial europea**

**(1+1+1+1) + 4 + 2 + 2 = 12 marc**

a. gach rud a theastódh [1 marc] chun cónaí [1 marc] agus oibriú [1 marc] ar bhord spásárthaigh [1 marc] **(1+1+1+1 marc )**

b. céim ollscoile [1m] in innealtóireacht [1m], leigheas [1m] nó eolaíocht nádúrtha [1m] **(4 marc )**

c. lena fháil amach cé acu a bhfuil sé de chumas acu a bheith ag obair i ngrúpa nó nach bhfuil **(2 marc )**

d. réiteoidh sí aon fhadhb a bheadh acu. **(2 marc )**

**12 + 10 + 12 + 10 + 12 + 12 + 12 = 80 marc**

**1. (a) Litríocht dualgais – *<u>La aventura de Saíd</u>*** **(50 marc )**

**C. 1 3 marc× 3 = 9 marc**

(a) *le descoronazaba* **(3 marc )**
(b) *el desengaño* **(3 marc )**
(c) *se encargaba de organizar* **(3 marc )**

**C. 2 3 marc× 3 = 9 marc**

(a) Glacadh leis go mbeidh ocras orainn? **(3 marc )**
(b) Is acu atá an méid is mó le cailleadh agus is iad an dream is amhrasaí faoi eachtrannaigh iad. (**3 marc )**
(c) É sin ba chúis le heasaontas ceart (soiléir) idir an bheirt chairde. **(3 marc )**

**C. 3 4 + 3 + 3 = 10 marc**

- Bíonn siad ag goid. **(4 marc )**
- Bíonn siad ag déileáil drugaí. **(3 marc )**
- Tógann siad an méid bheag oibre atá ar fáil. **(3 marc )**

**C. 4 4 + 3 + 3 = 10 marc**
**Aon 3 ceann de:**
- Craiceann ar dhath éagsúil.
-Teanga eile. **(4+3+3 marc )**
-Creideamh eile.
-Cultúr eile.

**C.5 3+3+3+3 = 12 marc**
Trí shampla de rudaí maithe a tharla do Saíd in **Barcelona**. **(3+3+3 marc)**
Plé ar cad is féidir a fhoghlaim uaidh sin. **(3 marc)**

**1. (b) Téacs Iriseoireachta (50 marc)**

**Los voluntarios que hacen felices a los ancianos**

**C. 1 4 marc× 5 = 20 marc**

(a) Níor chóir do dhuine aosta a bheith gan teagmháil le daoine eile ar feadh tréimhse fada. **(2 marc )**

(b) Roinneann siad a gcuid ama le daoine aosta atá leo féin. **(4 marc )**

(c) **Dhá cheann** de: Cabhrú le daoine eile/ciall a bheith acu/a bheith in ann oibriú i bhfoireann. **(2 +2 marc )**

(d) **Dhá cheann** de:
- cuireann sé áit shábháilte agus chompordach ar fáil
- cinntíonn sé go n-itheann daoine aosta go maith. **(2 +2 marc )**

(e) **Trí cheann** de: Dúlagar/mothú neamhdhiongbháilteachta/mothú nach bhfuil todhchaí acu/gan ról dearfach sa tsochaí a bheith acu. **(2+2 +2 marc )**

**C. 2**

**4 marc× 3 = 12 marc**

(a) *jubilados* **(4 marc )**
(b) *participar* **(4 marc )**
(c) *saludable* **(4 marc )**

**C. 3 4 marc× 3 = 12 marc**

(a) Is duine é an t-oibrí deonach a dhéanann rudaí de bharr go bhfuil fonn air/uirthi agus ní de bharr go gcaithfidh sé/sí iad a dhéanamh. **(4 marc )**

(b) Téann an brón i gcionn ar na daoine aosta sin nach bhfuil duine muintire leo ag cónaí gar dóibh. **(4 marc )**

(c) Tá siad gafa le cláir atá deartha chun deireadh a chur leis an uaigneas/scaradh ón uaigneas. **(4 marc )**

**C.4 (6 marc )**

[Is féidir marc ar bith ó 0 go dtí 6 a bhronnadh ar an gceist seo]

**2.** **(a)** agus **(b)** **(2+ 2 + 2 + 2) + (4 + 2 + 2 + 4) = 20**

**(a) Los ruidos que más molestan a los españoles**

(i) (a) Torann nach féidir cur suas leis ón taobh amuigh. [ 2 ghné do mharc iomlán] **(2 marc )**
(b) Ní féidir codladh de bharr (torann ó) theilifís na gcomharsan. **(2 marc )**
(ii) (Torann ón) trácht. **(2 marc )**
(iii) Beidh go leor daoine bodhar laistigh de chúpla bliain. **(2 marc )**

**(b) Cómo elegir las gafas de sol**

(i) Dath an lionsa. **(4 marc )**
(ii) (a) Daoine a théann i mbun spóirt taobh amuigh. **(2 marc )**
(b) Daoine gearr-radharcacha. **(2 marc )**
(iii) Agus tú ag tiomáint **(4 marc )**

## ROINN B

**El blog de Juan Ramos: ¿Los coches eléctricos ya son toda una realidad? (100 marc )**

**C. 1 3 marc× 5 = 15 marc**

(a) *alzar la vista* **(3 marc )**
(b) *está alimentado* **(3 marc )**
(c) *gratis* **(3 marc )**
(d) *convencido* **(3 marc )**
(e) *actualmente* **(3 marc )**

**C. 2 5 marc× 3 = 15 marc**

(a) Bheifeá ina ann féachaint ar/stánadh ar/lán do shúl a bhaint as áilleacht spéire glaine
**(5 marc )**

(b) Is é mo bhriongglóid bóthar lán le carranna a fheiceáil, gan aon fhuaim a chloisteáil ach fuaim na mbonn.
**(5 marc )**

(c) Nár bhreá an smaoinimh é dá gcuirfeadh an Chomhairle Chathrach toirmeasc ar fheithiclí an-fhabhtaíocha teacht isteach sa chathair?
**(5 marc )**

**C. 3 1 marc × 5 = 5 marc**

Focail bhreise gan aon mharc.
(a) *listos* **(1 marc)**
(b) *diariamente* **(1 marc)**
(c) *atropellos* **(1 marc)**
(d) *a partir de* **(1 marc)**
(e) *plantear* **(1 marc)**

**C. 4 3 + (3 + 3) + (3 + 3) = 15 marc**

(a) - Ní bhaineann truailliú aeir/comhshaoil leis;
- is féidir análú go héasca;
- gan toitcheo /spéartha glana;
- gan torainn.
- Páirceáil saor in aisce amach anseo **(1+1+1 marc)**

(b) Tá siad costasach de bharr nach bhfuil ach líon beag díobh á dtáirgeadh. **(3 +3 marc )**
Tiocfaidh ísliú ar an bpraghas nuair a bheidh siad olltáirgthe. **(3+3 marc )**

(a) **Dhá cheann** de: **(3+3 marc)**
- Níl sé chomh praiticiúil (leis an inneall dócháin) [is gá an chomparáid]
[níl sé praiticiúil leis féin =1 marc]
- Teastaíonn deich n-uaire an chloig chun é a athluchtú.
- Níl mórán maitheasa leis i gcás éigeandála.
- De bharr na heaspa teicneolaíochta nua, níl ach cúpla céad carr á ndéanamh sa Spáinn.
- Tá sé deacair teacht ar cheallra inmharthana.

**Roinn B: Ceist 5** **IOMLÁN NA MARCANNA: 50**

Treoirlínte le haghaidh C. 5 a Mharcáil (Ceist Nasctha)

**1. ÁBHAR/CUMARSÁID** **25 marc**

| |
|---|
| **BARR**<br>Ardleibhéal comhleanúnachais<br>Argóinteacht Shoiléir<br>An aidhm chumarsáide comhlíonta<br>Gan ábhar neamhábhartha nó fíorbheagán de ann **18 – 25 marc** |

| |
|---|
| **LÁR**<br>Leibhéal réasúnta comhleanúnachais<br>Sothuigthe don chainteoir Spáinnise<br>An aidhm chumarsáide comhlíonta a bheag nó a mhór<br>Roinnt ábhair neamhábhartha **9 – 17 marc** |

| |
|---|
| **BUN**<br>Easpa comhleanúnachais<br>Bheadh deacracht ag cainteoir Spáinnise é a thuiscint<br>Níl an aidhm chumarsáide comhlíonta<br>Cuid mhór ábhair neamhábhartha **0 – 8 marc** |

**2. TEANGA** **25 marc**

| |
|---|
| **BARR**<br>Spáinnis nádúrtha<br>Leibhéal maith sa stór focal<br>Gan mórán dearmad gramadaí/litrithe<br>Úsáid cheart na n-aimsirí **18 – 25 marc** |

| |
|---|
| **LÁR**<br>Stór focal réasúnta maith – leordhóthanach agus iomchuí ar an iomlán<br>Na briathra ceart ar an iomlán<br>Gan an iomarca dearmad litrithe /gramadaí **9 – 17 marc** |

| |
|---|
| **BUN**<br>Fadhbanna le stór focal – raon teoranta ó thaobh stór focal<br>Formhór na mbriathar mícheart<br>Cuid mhór dearmad litrithe **0 – 8 marc** |

**Tabhair ar aird:**
**Sa chás nach mbronntar marcanna d'Ábhar 1,**
**(i.e. iarracht neamhábhartha go hiomlán), ní bhronnfar aon mharc do Theanga 2.**

## ROINN C

***IOMLÁN NA MARCANNA: 50***

*Tá ar iarrthóirí tabhairt faoi:-*

**Ceachtar de 1 (a) nó 1 (b) AGUS Ceachtar de 2 (a) nó 2 (b)**

*Sa chás go bhfreagraíonn iarrthóir cuid (a)* ***agus*** *(b) de Cheist 1* ***nó*** *Ceist 2 trí dhearmad, caithfear* ***an dá cheann*** *a cheartú agus marcanna a bhronnadh ar an scór is airde díobh* ***agus sin amháin****. (Féach Treoracha do Scrúdaitheoirí Cúnta, Leathanach 6, uimhir 11.)*

Ceist 1. Agus an Cheist seo á marcáil – ceachtar de (a) nó (b) – ba chóir cloí go ginearálta leis na tosaíochtaí a léirítear d'Ábhar agus do Theanga i Roinn B, C.5.

**C.1 (a)** **COMHRÁ A CHUMADH** **30 marc**

**Cúig** 'sheal'. Ceadaigh uasmhéid de **6** marc an ceann. **(5 × 6 = 30 marc)**

***NÓ***

**C.1 (b)** **LITIR / RÍOMHPHOST** **30 marc**

Tá **cúig** phointe le déanamh. Ceadaigh uasmhéid de **6** marc an ceann.
*[Tabhair ar aird gur chóir go mbeadh gach pointe forbartha agus leathnaithe. Féadfaidh iarrthóirí a bpointí féin a dhéanamh agus ní gá dóibh úsáid a bhaint as na treoirlínte a thugtar. Ba chóir cúig phointe a dhéanamh ar fad. Treoirlínte mar Cheist 1 (a).]* **(5 × 6 = 30 marc)**

**Treoirlínte do Roinn C, Ceist 1 (a) agus (b):**

**IOMLÁN NA MARCANNA: 30 MARC** **(Marcáiltear gach 'seal' ina aonar.)**

| | |
|---|---|
| 6 marc: | An aidhm chumarsáide comhlíonta.<br>Briathra / litriú cruinn.<br>Leibhéal maith sa stór focal. |
| 4 - 5 marc: | An aidhm chumarsáide comhlíonta a bheag nó a mhór.<br>Na briathra ceart ar an iomlán.<br>Gan mórán dearmad gramadaí/litrithe. |
| 2 - 3 marc: | Roinnt den aidhm chumarsáide comhlíonta.<br>Cuid mhór earráidí gramadaí agus dearmad litrithe.<br>Úsáid mhícheart na mbriathra / aimsirí mícheart. |
| 1 marc: | Chuid an-bheag den aidhm chumarsáide curtha in iúl. |
| 0 marc: | Níl an teachtaireacht curtha in iúl. |

**C.2 (a)** **IONTRÁIL DIALAINNE** **20 marc**

Cuardaigh **ceithre** phointe bhailí atá curtha in iúl go maith. Ceadaigh uasmhéid de **5** marc an ceann.

**(4 × 5 = 20 marc)**

***NÓ***

**C.2 (b)** **TABHAIR AR AIRD** **20 marc**

Tá **ceithre** phointe le cur in iúl. Ceadaigh uasmhéid de **5** marc an ceann.

**(4 × 5 = 20 marc)**

Tabhair ar aird: In C. 2 (a) agus (b) ba chóir neamhaird a thabhairt ar **mhion-dhearmaid** (i.e. nach n-athraíonn an 'teachtaireacht'). **Ní mór na briathra a bheith ceart chun iomlán na marcanna a thuilleamh.**

**Tabhair ar aird: Maidir le haon chuid den táirgeadh scríbhneoireachta ní ghearrfar pionós faoi dhó as an dearmad céanna.**

**Nótaí Breise:**

1a) *Litir / R-phost:*

- Táthar ag súil le leagan amach foirmiúil ceart maidir leis an litir/r-phost.
- Tá an tsainréim cheart riachtanach chun **iomlán** na marcanna a thuilleamh.
- Is féidir an litir/r-phost a bhunú **go ginearálta** ar na moltaí a thugtar.
- Ba chóir d'iarrthóirí cúig phointe **ábhartha** a dhéanamh.

Ba chóir gach pointe a leathnú amach agus a fhorbairt. Chun iomlán na marcanna a thuilleamh, ba chóir d'iarrthóirí ar a laghad dhá nó trí abairt a scríobh ar gach pointe.

## Aguisín a hAon

## SOCRUITHE RÉASÚNTA & SCÉIM MHARCÁLA MHIONATHRAITHE

Cuirfear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm le hobair arna cur isteach ag iarrthóirí ar deonaíodh ceann amháin de na socruithe seo a leanas dóibh, nó meascán de níos mó ná ceann amháin díobh:

- *Úsáid téipthaifeadáin ar fhorais deacrachta foghlama*
- *Úsáid téipthaifeadáin ar fhorais deacrachta coirp*
- *Úsáid próiseálaí focal guth-ghníomhachtaithe*
- *Úsáid scríobhaí*
- *Tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach*
- *Úsáid próiseálaí focal ar fhorais* ***deacrachta foghlama agus sin amháin*** *(ríomhaire a bhfuil an seiceálaí litrithe agus gramadaí air)*.

Maidir leis na hiarrthóirí sin ar deonaíodh tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach dóibh, ní ghearrfar pionós ar earráidí i réimsí gramadaí áirithe. Agus obair na n-iarrthóirí sin á meas, cuirfear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm.

**Roinn A**
Beidh feidhm leis an Scéim Mharcála Mhionathraithe le Litríocht Dualgais C.1(a), 1;

agus le Téacs Iriseoireachta C.1(b), 2 & 4.

**Roinn B**
Beidh feidhm leis an Scéim Mharcála Mhionathraithe le C.1, 3 agus 5.

**Roinn C**
Beidh feidhm leis an Scéim Mharcála Mhionathraithe leis an roinn seo go léir.

Marcálfar ábhar agus cumarsáid mar is gnáth ach ní ghearrfar pionós ar **litriú** ná ar ghnéithe **gramadaí** mar chríocha briathra agus aontú aidiachtaí
Litriú: Measfar comharthaí diaicritice a bheadh in easnamh nó a bheadh mícheart mar earráidí litrithe nach bhfuil pionós le gearradh orthu.
Gramadach: Is féidir breithiúnas a thabhairt ar na gnéithe gramadaí nach bhfuil pionós le gearradh orthu trína shamhlú go bhfuil tú ag éisteacht leis an bhfreagra ar téip/CD. Má fhuaimníonn sé ceart, marcáiltear amhlaidh é. Níor chóir pionós a ghearradh as aon earráid ach amháin na cinn sin a thabharfaí faoi deara agus duine ag éisteacht leo.